

Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Bonnleibhéal 1 (A1)

Scrúdú samplach 1

Cluastuisceant, Léamhthuisceant, Scríbhneoireacht

1. Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

2. Tá an Scrúdú Cluastuisceana (25%), an Scrúdú Léamhthuisceana (25%) agus an Scrúdú Scríbhneoireachta (10%) sa leabhrán seo. Baineann an 40% eile leis an Scrúdú Cainte.

3. Freagair gach ceist.

4. Mairfidh an Scrúdú Cluastuisceana timpeall 25 nóiméad. Beidh 5 nóiméad agat leis an Scrúdú Cluastuisceana a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.

5. Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta uair go leith ar fad.

Don oifig amháin

Cluastuisceant

1	<input type="text"/>
2	<input type="text"/>
3	<input type="text"/>
4	<input type="text"/>

Léamhthuisceant

1	<input type="text"/>
2	<input type="text"/>
3	<input type="text"/>
4	<input type="text"/>
5	<input type="text"/>

Scríbhneoireacht

1	<input type="text"/>
2	<input type="text"/>

Cluastuiscint

25% den scrúdú iomlán: (48 marc)

Tá 5 nóiméad agat leis an pháipéar a léamh sula dtosóidh an taifeadadh. Tá ceithre cheist ar fad sa pháirt seo. Cloisfidh tú gach téacs faoi dhó. Freagair na ceisteanna i nGaeilge.

1

Éist le Sinéad agus Brian ag caint fúthu féin. Scríobh isteach an t-eolas sna bearnaí thíos.

/12 marc

Ainm: Sinéad Ní Riain	Ainm: Brian Mac Cathail
Áit chónaithe: _____	Post: _____
Stádas pósta: _____	Áit chónaithe: _____
Páistí: _____	Stádas pósta: _____
Post: _____	Páistí: _____
Áit oibre: _____	Áit oibre: <u>ospidéal</u>
Taisteal: <u>An Spáinn</u>	Taisteal: _____
Thaitin: _____	Thaitin: <u>na siopaí</u>
Níor thaitin: <u>an aimsir</u>	Níor thaitin: _____

2

Éist leis na trí fhógra agus freagair na ceisteanna thíos.

/12 marc

Fógra 1

1. Cad ba mhaith leis na tuismitheoirí?

(A)

(B)

(C)

(D)



2. Cé mhéad a chosnaíonn na ticéid? € _____

Fógra 2

1. Cén post atá luaite?

(A)

(B)

(C)

(D)



2. Críochnaigh an uimhir theileafóin a thugtar. 047 764_ _ _ _

Fógra 3




1. Cén t-am a mbeidh an dráma ar an raidió?

(A)

(B)

(C)

(D)






2. Cad é a ghortaigh an cailín?

(A)

(B)

(C)

(D)



3

Éist leis na trí theachtaireacht teileafóin agus freagair na ceisteanna thíos. Ní gá abairtí iomlána a scríobh.

/12 marc

Teachtaireacht 1

1. Cá bhfuil Jeaic? San _____

2. Cén áit a bhfuil sé ag fanacht?

(A)



(B)



(C)



(D)



Teachtaireacht 2

1. Tá breithlá ag cén duine? _____ Mháire.

2. Cá bhfuil an bhialann? In aice leis an _____

Teachtaireacht 3

1. Cad a cheannaigh Síle?

(A)

Sciorta dubh
€20

(B)

Sciorta dearg
€30

(C)

Sciorta gorm
€30

(D)

Sciorta donn
€40

2. Cá bhfuil Síle agus Máire ag dul? Chuig _____

4


Éist leis na trí chomhrá agus freagair na ceisteanna thíos.

/12 marc

Comhrá 1

1. Cá bhfuil na bróga?


(A)




(B)



(C)



(D)



2. Cén spórt a bheidh á imirt ag Kylie tráthnóna? _____

Comhrá 2

1. Cá bhfuil Seán agus Bríd ag obair? _____

2. Cén áit a dtéann siad gach Luan? Chuig _____

Comhrá 3

1. Bhí Siobhán san óstán lena...
A. máthair
B. fear céile
C. mac
D. deirfiúr

2. Níor thaitin an tsaoire le Máirtín. Cén fáth?


(A)



(B)



(C)



(D)



Léamhthuisicint

25% den scrúdú iomlán: (58 marc)

1

*Léigh na habairtí seo thíos faoi shaol Shíle.
Scríobh an litir cheart A, B, C nó D sna bearnaí thíos.*

/10 marc

- Síle is ainm agus is Éireannach mé.
A orm B liom C dom D agam
- Tá mé i mo chónaí faoin agus is breá liom é.
A Corcaigh B cathair C sráid D tuath
- Bhí post agam i scoil sa chathair go dtí le déanaí.
A dífhostaithe B múinteoir C sealadach D fada
- Téim ag siúl Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh.
A i gcónaí B arís C ag D idir
- Inrím galf ach níl mé go fóill.
A measartha B rómhaith C ag foghlaim D líofa

2 Críochnaigh na comhráite seo a leanas.
Cuir tic le A, B nó C i ngach cás.

/10 marc

- | | | |
|---|---|--------------------------|
| 1. An bhfaca tú mo dheirfiúr Bríd? | A Tá sí sa chistin. | <input type="checkbox"/> |
| | B Ní raibh go fóill. | <input type="checkbox"/> |
| | C Níl, tá sí ag imeacht. | <input type="checkbox"/> |
| 2. Ar mhaith leat deoch? | A. Is maith liom fíon dearg. | <input type="checkbox"/> |
| | B. Bhí an caife sin go deas. | <input type="checkbox"/> |
| | C. Ba mhaith, le do thoil. | <input type="checkbox"/> |
| 3. Tá an geansaí sin go deas. | A. Tá sé ródheacair. | <input type="checkbox"/> |
| | B. Is mór an trua sin. | <input type="checkbox"/> |
| | C. Go raibh maith agat. | <input type="checkbox"/> |
| 4. Ar mhaith leat dul chuig scannán liom? | A. Go maith. Bhí mé ag obair. | <input type="checkbox"/> |
| | B. Ba bhreá liom. | <input type="checkbox"/> |
| | C. Cinnte. Taobh amuigh den phictiúrlann. | <input type="checkbox"/> |
| 5. Bhí an cheolchoirm sin go maith. | A. Is fearr leis ceol traidisiúnta. | <input type="checkbox"/> |
| | B. Níor thaitin sí liomsa. | <input type="checkbox"/> |
| | C. Chan sé dhá amhrán. | <input type="checkbox"/> |

3 Cad é a deir Áine le Pól? Cuir an litir cheart (A-H) isteach i ngach bearna thíos chun an comhrá a chríochnú.

/10 marc

Pól: Cad a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?

Áine: 1 (.....)

Pól: Agus cad faoi rugbaí?

Áine: 2 (.....)

Pól: An bhfuil aon suim agat sa cheol?

Áine: 3 (.....)

Pól: Cén áit a mbíonn sibh ag canadh?

Áine: 4 (.....)

Pól: Ó go deas, agus an bhféachann tú ar an teilifís go minic?

Áine: 5 (.....)

- | |
|--|
| <p>A. Sa teach tábhairne ag an deireadh seachtaine, uaireanta.</p> <p>B. Gach Dé Máirt, de ghnáth.</p> <p>C. Chonaic mé clár spóirt.</p> <p>D. Is breá liom é. Bím féin agus mo chairde ag canadh go minic.</p> <p>E. Imrím leadóg agus galf. Is breá liom spórt.</p> <p>F. Ní bhíonn an t-am agam.</p> <p>G. Éistim le ceol.</p> <p>H. Ní imrím rugbaí ná peil.</p> |
|--|

4

Léigh an sliocht seo thíos as dialann Orla. Ansin léigh na ráitis. Cuir tic le A, B nó C i ngach cás.

/ 14 marc

Tá mise agus Ciarán ag dul ag féachaint ar árasán eile anocht – i mBaile na Craoibhe. Sílim go bhfacamar fiche árasán le coicís anuas! Thaitin cúpla ceann go mór liom ach ní raibh Ciarán sásta le ceann ar bith acu. “Tá sé ródhaor” nó “Tá sé róbheag.” Sin a deir sé an t-am go léir. Níl sé sin fíor mar níl ann ach an bheirt againn anois ó chuaigh an iníon is óige againn go Ceanada. Sílim gur mhaith leis a bheith ina chónaí faoin tuath, díreach mar atá a thuismitheoirí féin. Ach níl mise sásta leis sin. Is féidir leisean a bheith ag obair sa bhaile, ach bíonn lá fada go leor agamsa leis na páistí sa rang. Bím tuirseach, agus níor mhaith liom turas fada isteach chun na scoile gach lá.

Deir Ciarán, “Tá Baile na Craoibhe go maith don bheirt againn. Níl sé rófhada ón gcathair ach is baile beag deas atá ann. Tá na daoine an-chairdiúil ar fad. Beidh mise ábalta seinm sna seisiúin cheoil sna tithe tábhairne agus beidh tusa ábalta dul ag snámh san fharraige.”

Ach níl mé cinnte fós. Níl aithne againn ar aon duine ann agus cá bhfuil na pictiúrlanna agus na bialanna?

1. Tá Ciarán agus Orla ag féachaint ar árasáin le trí seachtaine anuas.
A. *Fíor* B. *Bréagach* C. *Ní deirtear*
2. Níl aon chlann ag Ciarán agus Orla.
A. *Fíor* B. *Bréagach* C. *Ní deirtear*
3. Níl athair agus máthair Chiaráin ina gcónaí i mbaile mór.
A. *Fíor* B. *Bréagach* C. *Ní deirtear*
4. Is múinteoir í Orla.
A. *Fíor* B. *Bréagach* C. *Ní deirtear*
5. Níl ceol ar bith ag Orla.
A. *Fíor* B. *Bréagach* C. *Ní deirtear*
6. Tá linn snámha i mBaile na Craoibhe.
A. *Fíor* B. *Bréagach* C. *Ní deirtear*
7. Tá cairde ag Orla agus Ciarán i mBaile na Craoibhe cheana féin.
A. *Fíor* B. *Bréagach* C. *Ní deirtear*

5

Léigh an nóta thíos a chuir Tomás chuig a chara, Lisa. Ag baint úsáide as an liosta ag bun an leathanaigh, scríobh **litir amháin** i ngach bearna. Tá 5 fhocal ann nach mbainfidh tú úsáid astu

14 / marc

A Alan, a chara,

Cad é mar atá ag éirí leat? Seo, tá scéal maith agam duit. Tá a fhios agat ‘Radharc na nOileán’, an t-óstán nua i mBaile na Trá? Bhuel, is cosúil go bhfuil an *chef* tinn agus go bhfuil cócaire ag teastáil uathu go géar. Chuala mé go bhfuil tú féin

_____ (1) faoi láthair agus shíl mé go mbeadh spéis agat ann. Post _____ (2) a bheadh ann i dtosach, ar ndóigh, ach má tá siad sásta leat beidh tú ábalta fanacht ann. Rud eile – uaireanta _____ (3) a bheidh ann. Déanann cócaire eile an bricfeasta agus an _____ (4). Ní bheidh le déanamh agatsa ach dinnéar an tráthnóna agus roinnt oibre ag an deireadh seachtaine, nuair a bhíonn cóisir nó _____ (5) ann. Beidh sé breá éasca do dhuine cosúil leatsa. Níl a fhios agam cén _____ (6) atá ann, ach tá a fhios agam go bhfaigheann na freastalaithe airgead maith.

Má fheiceann tú Mairéad abair léi go bhfuil post eile le fáil. Tá siad ag lorg duine leis an phianó a sheinm sa bhialann ag an deireadh seachtaine. Ag tosú ar a seacht a chlog agus ag críochnú ar a deich, le _____ (7) leathuair an chloig.

Cuir teachtaireacht ar ais chugam go luath.

Slán go fóill,
Brian

- | | | | |
|---|-----------------|---|---------------|
| A | sos | G | bainis |
| B | páirtaimseartha | H | buan |
| C | tuarastal | I | lánaimseartha |
| D | biachlár | J | dífhostaithe |
| E | lón | K | tinn |
| F | sealadach | L | freastalaí |

Scríbhneoireacht

10% den scrúdú iomlán: (26 marc)

1

Críochnaigh an teachtaireacht ríomhphoist seo.
Scríobh FOCAL AMHÁIN i ngach bearna.

/ 10 marc

A Liam, a chara,

Fuair mé post nua (1)..... nGaillimh agus beidh mé ag tosú an tseachtain

seo (2)..... Beidh mé ag roinnt árasáin le cara liom, Matt. Is

Meiriceánach (3)..... agus tá sé ag obair in monarcha mhór i

(4)..... an bhaile. Is breá leis sacar agus imríonn sé gach deireadh

(5)..... Tá an t-árasán an-deas. Tá dhá sheomra (6)..... ann,

cistin bheag agus seomra suí. Níl ach seomra folctha (7).....ann. Níl sé

ródhaor - sé chéad euro (8) mhí. Is í an (9)..... theileafóin

a bheidh agam ná 01-3456789. Cuir glaoch orm am éigin agus is féidir linn bualadh le

chéile agus cúpla (10)..... a ól.

Ádh mór,

Seán.

2

Léigh an nóta seo thíos.
Roghnaigh an litir is fearr (A, B, C nó D) do gach bearna.

/ 16 marc

A (1)....., a chara,

Fáilte romhat ar ais. Tá súil agam go raibh am deas agat (2) Iodáil

Ar (3)..... tú aon bhronntanais?!

Tá brón (4)nach bhfuil mé sa teach ach tá mé ag obair inniu. Má bhíonn ocraí ort tá go leor bia sa chuisneoir. Is féidir leat aon rud a thabhairt leat ach amháin an (5)- tá sé sin don dinnéar amárach! Tá feoil, prátaí agus rís ann chomh maith. Tá dhá (6) fíona ann. Tá siad sa chófra in aice leis an chuisneoir.

Chóirigh mé an leaba duit. Tá tú sa seomra codlata beag. Sin an dara (7)..... ar dheis thuas staighre. Ar mhaith leat dul go dtí an teach tábhairne liomsa agus mo chairde san oíche amárach? Is daoine (8)..... iad go léir. Bíonn seisiún ceoil ar siúl gach oíche Aoine agus bíonn an-spórt againn.

Beidh mé ag caint leat anocht.

Gráinne

1. A Pól B Phól C Póil D Phóil
2. A sa B san C in D i
3. A ceannaigh B gceannaigh C cheannaigh D ceannaigí
4. A orm B orainn C agam D againn
5. A iasc B t-iasc C héisc D n-iasc
6. A mbuidéal B buidéal C bhuidéal D buidéil
7. A doras B dhoras C ndoras D doirse
8. A deas B dheas C dheasa D deasa